AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.9.2026
COM(2026) 456 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA

maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 116/2009 ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 maidir le hearraí cultúir a onnmhairiú an 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2020

1 January 2021 to 31 December 2023

1. RÉAMHRÁ

Fágann Rialachán (CE) Uimh. 116/2009[1] ón gComhairle maidir le hearraí cultúir a onnmhairiú (an Rialachán) go bhfuil onnmhairiú earraí cultúir áirithe lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais Eorpaigh ag brath ar cheadúnas onnmhairiúcháin a thíolacadh. Áirithítear leis freisin go ndéantar rialuithe aonfhoirmeacha ar onnmhairiú na n-earraí sin ag teorainneacha seachtracha an Aontais. Sainítear in Iarscríbhinn I raon feidhme ábhartha an Rialacháin trí chatagóirí na n-earraí cultúir a bhfuil feidhm aige maidir leo a liostú, agus trí thairseacha aoise agus/nó luacha a shocrú le haghaidh fhormhór na gcatagóirí a liostaítear.

Is é is cuspóir don Rialachán prionsabal bunúsach na saorghluaiseachta earraí a réiteach leis an bprionsabal maidir le seoda náisiúnta a chosaint faoi chuimsiú stairiúil chruthú an Mhargaidh Inmheánaigh in 1993, lenar cuireadh deireadh leis na teorainneacha inmheánacha uile idir na Ballstáit.

Chun an creat arna bhunú leis an Rialachán a chomhlánú, déantar foráil le rialachán cur chun feidhme [2] maidir le trí chineál ceadúnas onnmhairiúcháin (ceadúnas caighdeánach, ceadúnas oscailte sonrach agus ceadúnas oscailte ginearálta) agus leagtar amach ann na rialacha maidir lena gcur i bhfeidhm. Anuas ar reachtaíocht an Aontais, le dlíthe Ballstát áirithe forchuirtear srianta breise, amhail an ceanglas maidir le ceadúnas náisiúnta a fháil – chomh maith le ceadúnas onnmhairiúcháin AE – le haghaidh gluaiseacht dhleathach réad a ainmnítear mar ‘sheoda náisiúnta’ amach as an gcríoch náisiúnta.

I gcomhréir le hAirteagal 10 den Rialachán, ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil a thíolacadh go tréimhsiúil maidir le cur chun feidhme an Rialacháin. Cumhdaítear an tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2023 leis an tuarascáil seo. Tá an tuarascáil bunaithe go príomha ar shonraí a chuir na Ballstáit ar fáil mar fhreagairt ar cheistneoir [3] lena gcumhdaítear gach gné de chur chun feidhme an chórais ceadúnúcháin onnmhairiúcháin. Baineann sé leas freisin as an bplé a rinneadh ag an gCoiste um Earraí Cultúir agus ag an sainghrúpa saincheisteanna custaim a bhaineann le hearraí cultúir (an Sainghrúpa).

2. CUR CHUN FEIDHME AN RIALACHÁIN

2.1 Cuspóir agus feidhmíocht

Measann na Ballstáit uile seachas ceann amháin díobh [4] go bhfuil ag éirí go maith leis an Rialachán maidir lena chuspóir a bhaint amach.

---

[1] Rialachán (CE) Uimh. 116/2009 ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 maidir le hearraí cultúir a onnmhairiú (IO L 39, 10.2.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/116/oj).

[2] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1081/2012 ón gCoimisiún an 9 Samhain 2012 chun críocha Rialachán (CE) Uimh. 116/2009 ón gComhairle maidir le hearraí cultúir a onnmhairiú (IO L 324, 22.11.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2012/1081/oj). Tá an téacs comhdhlúite is déanaí ar fáil anseo: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A02012R1081-20121212.

[3] Suirbhé ar na Ballstáit i bhfoirm ceistneora, a rinneadh idir an 15 Iúil 2024 agus an 1 Deireadh Fómhair 2024.

[4] An t-aon Bhallstát amháin a mheasann nach raibh an Rialachán ag feidhmiú go leordhóthanach, bhunaigh sé a thuairim ar an bhfíoras go bhfuil a reachtaíocht náisiúnta féin níos déine. Mar sin féin, níl aon bhacainn ar shaorghluaiseacht earraí idir Ballstáit an Aontais, mar sin ní féidir leis na forálacha náisiúnta is déine fiú cosc a chur ar aistriú neamhdhleathach earra cultúir faoi chosaint ó chríoch náisiúnta Ballstáit amháin chuig críoch Ballstáit eile – i gcás nach bhfuil sé faoi chosaint ag forálacha náisiúnta an chéad Bhallstáit – agus uaidh sin chuig tír nach Ballstát den Aontas í.

Measann 14 Bhallstát go bhfuil an Rialachán ag cur go mór le trádáil neamhdhleathach a chosc, toisc go gcruthaíonn sé feasacht in institiúidí oidhreachta, sa trádáil dhlisteanach ealaíne, i mbailitheoirí agus fiú i dturasóirí ar an tábhacht a bhaineann le dícheall cuí a fheidhmiú sula bhfaightear earra cultúir nó sula gcuirtear ar an margadh é.

Mar sin féin, shainaithin roinnt Ballstát pointí ina bhféadfaí feabhas a chur ar fheidhmíocht an Rialacháin:

(a) comhar riaracháin méadaithe[5], go háirithe chun cásanna a láimhseáil ina dtionscnaíonn an t-earra cultúir a bhfuil ceadúnas á iarraidh ina leith i mBallstát eile;

(b) digitiú chóras na gceadúnas onnmhairiúcháin [6] chun an leibhéal céanna cosanta a sholáthar d'earraí cultúir an Aontais agus a sholáthraítear d'earraí ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad faoi Rialachán (AE) 2019/880 [7];

(c) comhchuibhiú ionstraimí éagsúla an Aontais chun an oidhreacht chultúrtha a chosaint (e.g. an Rialachán maidir le hAllmhairiú agus a chóras leictreonach [8], agus an Treoir um Fhilleadh[9]) chomh maith le hailíniú le coinbhinsiúin idirnáisiúnta chun maoin chultúrtha a chosaint[10];

(d) úsáid níos mó a bhaint as uirlisí leictreonacha nua-aimseartha (e.g. teicneolaíochtaí aitheanta íomhánna agus comhar níos fearr le láimhseálaithe ealaíne chun earraí cultúir a onnmhairiú) [11].

---

[5] Mhol dhá Bhallstát an feabhas sin.

[6] D'athdhearbhaigh dhá Bhallstát an iarraidh sin, a bhí i láthair cheana féin sa tuarascáil cur chun feidhme roimhe seo ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 116/2009 ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 maidir le hearraí cultúir a onnmhairiú an 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2020, COM (2022) 424, lch. 6.

[7] Rialachán (AE) 2019/880 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le hearraí cultúir a thabhairt isteach agus a allmhairiú (IO L 151, 7.6.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/880/oj).

[8] Ní féidir an Rialachán um Allmhairiú a chumasc leis na Rialacháin um Onnmhairiú toisc go bhfuil difríocht idir a raon feidhme, a nósanna imeachta agus a ndeimhniú. Mar sin féin, beidh na córais leictreonacha chomhfhreagracha chun iad a chur chun feidhme an-chosúil ó thaobh an chomhéadain úsáideora agus fheidhmiúlachtaí an chórais de.

[9] Treoir 2014/60/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le réada cultúir a aistríodh go mídhleathach ó chríoch Ballstáit a fháil ar ais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (athmhúnlú) (IO L 159, 28.5.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/60/oj). Tar éis athmhúnlú na Treorach um Fhilleadh in 2014, tá raon feidhme na Treorach éagsúil anois le raon feidhme an Rialacháin, rud a chuireann bac ar ailíniú iomlán na n-ionstraimí. Tá feidhm ag an Treoir um Fhilleadh maidir le réada cultúir mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1): 'réad atá aicmithe nó sainithe i measc na 'seod náisiúnta sin lena mbaineann luach ealaíonta, stairiúil nó seandálaíoch' ag Ballstát faoin reachtaíocht náisiúnta nó faoi nósanna imeachta riaracháin de réir bhrí Airteagal 36 CFAE, roimh nó i ndiaidh dó a bheith aistrithe go mídhleathach ó chríoch an Bhallstáit sin'. Os a choinne sin, is iad na hearraí cultúir na hítimí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 116/2009.

[10] Mhol Ballstát amháin an comhchuibhiú sin. Mar sin féin, ní féidir leis an Aontas aontú do Choinbhinsiún UNESCO 1970 (Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe) maidir le Modhanna chun Allmhairiú, Onnmhairiú agus Aistriú Aindleathach Úinéireachta Maoine Cultúir a Thoirmeasc agus a Chosc toisc nach féidir ach le tíortha aonair aontú dó.

[11] Mhol ceithre Bhallstát feabhsuithe den sórt sin agus chuir siad i dtábhacht ag an am céanna gur cheart níos mó acmhainní a chur ar fáil chun go mbeidh uirlisí breise agus comhar éifeachtach (go háirithe ó thaobh oifigigh a bhfuil saineolas acu ar mhaoin chultúrtha).

2.2 Raon feidhme ábhartha an Rialacháin

Sa Rialachán sainmhínítear a raon feidhme ábhartha (i.e. an téarma 'earraí cultúir') trí thagairt do 15 **chatagóir** earraí atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann leis. Measann tromlach mór na mBallstát (21) go bhfuil na catagóirí sin tráthúil agus ionadaíoch. Mar sin féin, tuairiscíonn 6 Bhallstát go mbíonn orthu aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna léirmhíniúcháin ar uairibh, agus molann 4 Bhallstát an liosta in Iarscríbhinn I a thabhairt cothrom le dáta. Go sonrach, mhol na 4 Bhallstát sin catagóir ar leith a chruthú le haghaidh íocóin liotúirgeacha d'fhonn an cineál sin d'earraí cultúir a chosaint ar dhóigh níos fearr [12].

Maidir leis na **tairseacha aoise** socraithe, measann gach ceann de na Ballstáit seachas 2 cheann (25) go bhfuil na tairseacha leordhóthanach. Molann an dá Bhallstát eile na tairseacha reatha a ísliú chun níos mó earraí cultúir a ghabháil trí chosaint ar leibhéal an Aontais a ailíniú lena gcosaint féin ar an leibhéal náisiúnta. Díríonn ceann amháin den dá Bhallstát sin a mholadh ar earraí i gcatagóirí 11 agus 14 (léarscáileanna clóite go 100 bliain agus modhanna iompair go 50 bliain).

Maidir leis na **tairseacha luacha**, measann beagnach leath de na Ballstáit (13) nach bhfuil na tairseacha ionadaíoch a thuilleadh agus gur gá athbhreithniú a dhéanamh orthu.

2.3 Luacháil earraí cultúir

Mar gheall ar chineál na n-earraí cultúir agus ós rud é, uaireanta, nach raibh ítimí áirithe ina n-ábhar idirbhirt riamh, tuairiscíonn beagán os cionn leath de na Ballstáit (14) go mbíonn deacrachtaí acu ó am go chéile a luach airgeadaíochta beacht (nó fiú a neasluach) a chinneadh. Tá difríochtaí móra ann idir modhanna luachála na mBallstát, mar sin molann tromlach mór na mBallstát (21) modh luachála comhchoiteann a fhorbairt.

2.4 Ceadúnais onnmhairiúcháin

Is é údarás inniúil an Bhallstáit dheireanaigh ar ina chríoch a bhfuil an réad 'suite go cinntitheach agus go dleathach' a eisíonn na ceadúnais onnmhairiúcháin faoin Rialachán seo. Deonaítear ceadúnas onnmhairiúcháin ar bhonn dhlíthe agus rialacháin an Bhallstáit sin. Áirithítear ansin le rialuithe custaim nach féidir earraí cultúir a thabhairt amach as críoch chustaim an Aontais ach amháin má tá ceadúnas onnmhairiúcháin bailí ag gabháil leo.

2.4.1 Ceadúnais onnmhairiúcháin chaighdeánacha

Tá ceadúnais chaighdeánacha le húsáid mar réamhshocrú [13] le haghaidh gach onnmhairiú atá faoi réir an Rialacháin. Eisíodh 35 114 cheadúnas chaighdeánacha le linn na tréimhse tuairiscithe (chun figiúirí mionsonraithe a fháil, féach Tábla 1 san iarscríbhinn). Ba iad seo a

[12] Tá deilbhíní aicmithe faoi láthair i gcatagóir na bpictiúr. Fágann tairseach luach an-ard na catagóire sin (os cionn EUR 150 000) an chuid is mó de na deilbhíní lasmuigh de raon feidhme an Rialacháin.

[13] Sonraítear an méid seo a leanas in Airteagal 2 den Rialachán Cur Chun Feidhme; 'féadfaidh gach Ballstát aonair lena mbaineann a chinneadh cé acu is mian leis nó nach mian leis aon cheadúnas oscailte sonrach nó ginearálta a eisiúint a fhéadfar a úsáid in ionad' ceadúnais chaighdeánaigh.

leanas na príomhchatagóirí a bhfuarthas iarratais ar cheadúnas ina leith le linn na tréimhse tuairiscithe (in ord íslitheach):

- bailiúcháin ar ábhar spéise iad ó thaobh na staire, na pailé-ointeolaíochta, na heitneagrafaíochta nó na moneolaíochta de;
- seandachtaí;
- réada seandálaíochta;
- bundealbha nó bundealbhadóireacht agus cóipeanna díobh;
- ioncúnabail agus lámhscríbhinní.

2.4.2 Ceadúnais oscailte shonracha

Féadfar ceadúnais oscailte shonracha a eisiúint le haghaidh earra cultúir sonrach a onnmhairíonn duine príobháideach go sealadach go tráthrialta. Eisíodh 3 507 gceadúnas oscailte shonracha le linn na tréimhse tuairiscithe (chun figiúirí mionsonraithe a fháil, féach Tábla 2 san iarscríbhinn). Bhain siad sin den chuid is mó le seandachtaí (catagóir 15.b). Thuairiscigh 13 Bhallstát nach n-eisíonn siad an cineál sin ceadúnais.

Cuireann formhór na mBallstát a eisíonn ceadúnas den sórt sin (12 as 14) tréimhse bhailíochta i bhfeidhm idir bliain amháin agus 5 bliana [14]. Mhínigh an dá cheann eile go mbraitheann an tréimhse a dheonaítear ar fhad na dtaispeántas.

2.4.3 Ceadúnais oscailte ghinearálta

Ceadaítear le ceadúnais oscailte ghinearálta onnmhairiú sealadach agus tráthrialta earraí cultúir ar le hiarsmalanna agus institiúidí comhchosúla iad. Eisíodh 1 207 gceadúnas oscailte ghinearálta le linn na tréimhse tuairiscithe (chun figiúirí mionsonraithe a fháil, féach Tábla 3 san iarscríbhinn). Thuairiscigh formhór na mBallstát (13) a eisíonn ceadúnais den sórt sin go gcuireann siad tréimhse bhailíochta idir 6 mhí agus 5 bliana i bhfeidhm [15].

2.4.4 Saincheisteanna maidir le ceadúnais onnmhairiúcháin a chur chun feidhme

Tá sé tábhachtach **grianghraif a áireamh** in iarratas ar cheadúnas toisc go gcuireann sé ar chumas na n-údarás custaim an réad a shainaithint agus an ceadúnas á sheiceáil acu. Éilíonn gach Ballstát seachas 3 Bhallstát grianghraif go córasach le haghaidh iarratais chinntitheacha ar cheadúnais onnmhairiúcháin.

Díolúine ón gceanglas maidir le ceadúnas onnmhairiúcháin. Tá an díolúine sin bunaithe ar Airteagal 2(2) den Rialachán. Ligeann sé do na Ballstáit gan ceadúnas onnmhairiúcháin a éileamh le haghaidh nithe faoi chatagóir 1, an chéad fhleasc agus an dara fleasc (i.e. i gcás ina meastar nach bhfuil ach leas teoranta seandálaíochta nó eolaíochta ag baint leo) [16]. Níor bhain ach dhá Bhallstát úsáid as an díolúine sin le linn na tréimhse tuairiscithe.

Cúiseanna le hiarratas ar cheadúnas a dhiúltú. Dhiúltaigh 9 mBallstát 505 iarratas ar cheadúnais onnmhairiúcháin chaighdeánacha le linn na tréimhse tuairiscithe. Rinne siad amhlaidh ar cheann de na cúiseanna seo a leanas: tionscnamh aindleathach an réada; ar bearta

[14] Is é 5 bliana an uastréimhse a leagtar síos leis an Rialachán Cur Chun Feidhme (Airteagal 10(3)).
[15] Is é 5 bliana an uastréimhse a leagtar síos leis an Rialachán Cur Chun Feidhme (Airteagal 13(3)).
[16] Baineann an díolúine sin den chuid is mó le réada ársa a tháirgtear i gcainníochtaí móra agus atá gar-chomhionann (e.g. boinn) nó ar réada iad nach táirgí a fuarthas go díreach ó thochaltáin iad.

iad a bhfuil gá leo chun seoda náisiúnta atá luachmhar ó thaobh na n-ealaíon, na staire nó na seandálaíochta de a chosaint; níor comhlíonadh na tairseacha aoise agus/nó luacha; ceadúnas onnmhairiúcháin atá le heisiúint ag údarás inniúil Ballstáit eile. Dhiúltaigh dhá Bhallstát earra cultúir a onnmhairiú chuig Cónaidhm na Rúise mar gheall ar smachtbhannaí trádála an Aontais[17].

Ceadúnais a chúlghairm. Tá reachtaíocht ag 10 mBallstát lena ndéantar foráil maidir le ceadúnais a chúlghairm tar éis a n-eisiúna. Mar sin féin, níor chúlghair ach Ballstát amháin ceadúnais (2 cheadúnas) le linn na tréimhse tuairiscithe.

2.5 Córas leictreonach – digitiú

Tacaíonn tromlach mór na mBallstát (25) leis an iarracht córas na gceadúnas onnmhairiúcháin a dhigitiú trí chóras láraithe leictreonach de chuid an Aontais a fhorbairt. Le córas den sórt sin, ba cheart comhar riaracháin idir údaráis na mBallstát a éascú, bunáitíocht earraí cultúir a rianú ar bhealach níos fearr ar fud an Aontais agus feabhas a chur ar an bhfaireachán a dhéantar ar cheadúnais onnmhairiúcháin.

Agus an tuarascáil seo á dréachtú, bhí an Coimisiún i mbun forálacha cur chun feidhme nua a ghlacadh chun na críche sin. De réir na ndréachtfhorálacha sin, tá sé beartaithe go mbeidh an córas um Onnmhairiú Earraí Cultúir (OEC) ag feidhmiú an 2 Deireadh Fómhair 2031.

3. CONCLÚIDÍ AGUS SAINCHEISTEANNA ATÁ FÓS GAN RÉITEACH

Mar a tharla i dtuarascálacha roimhe seo agus bunaithe ar aiseolas a fuarthas ó na Ballstáit, meastar (1) go bhfuil ag éirí go maith leis an Rialachán ó thaobh a chuspóirí a bhaint amach agus (2) gur ionstraim thábhachtach é chun trádáil neamhdhleathach a chomhrac.

Déanfaidh an Coimisiún obair leantach ar na feabhsuithe molta seo a leanas a shainaithin formhór na mBallstát:

- maidir le digitiú: tá an Coimisiún i mbun ullmhúcháin d'fhorbairt an chórais OEC, agus faigheann sé go leor gnéithe agus feidhmiúlachtaí ón gcóras um Allmhairiú Earraí Cultúir agus freastalaíonn sé ag an am céanna ar na riachtanais shonracha a eascraíonn as an Rialachán;
- maidir leis an nuashonrú a mholtar ar raon feidhme ábhartha an Rialacháin: bainfidh an Coimisiún úsáid as cruinniú de chuid an Ghrúpa Saineolaithe atá ar na bacáin chun machnamh a dhéanamh mar thosaíocht ar an athbhreithniú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na tairseacha luacha[18];
- maidir leis an bhféidearthacht modh luachála coiteann a dhearadh: iarrfaidh an Coimisiún ar na Ballstáit a gcuid smaointe agus moltaí a chur in iúl ag cruinniú den Ghrúpa Saineolaithe atá ar na bacáin.

[17] Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/833/oj).

[18] D'fhéadfaí machnamh a dhéanamh ar an nuashonrú féideartha ar chatagóirí na n-earraí agus ar an tairseach aoise (gan tacaíocht ach ó líon beag Ballstát) le linn cruinniú den Ghrúpa Saineolaithe ag céim níos déanaí.

4. IARSCRÍBHINN

Tábla 1. Ceadúnais chaighdeánacha arna n-eisiúint ag na Ballstáit

Ballstáit	Bliain			2021-2023	Sciar den iomlán in %
	2021	2022	2023		
BE	432	533	599	1 564	5,60 %
BG	0	1	1	2	0,01 %
CZ	6	12	28	46	0,13 %
DK	68	48	74	190	0,53 %
DE	1 590	1 343	1 390	4 323	12,15 %
EE	22	14	23	59	0,17 %
IE	110	69	49	228	0,64 %
EL	1	1	3	5	0,01 %
ES	3 151	3 445	2 958	9 554	26,85 %
FR	3 628	4 142	4 026	11 796	33,15 %
HR	42	36	38	116	0,33 %
IT	434	551	591	1 576	4,43 %
CY	2	5	6	13	0,04 %
LV	1	1	0	2	0,01 %
LT	2	3	3	8	0,13 %
LU	0	8	23	31	0,09 %
HU	31	17	5	53	0,15 %
MT	22	25	29	76	0,21 %
NL	345	361	450	1 156	3,25 %
AT	670	697	625	1 992	5,67 %
PL	16	16	15	47	0,13 %
PT	573	728	559	1 860	5,23 %
RO	1	0	1	2	0,01 %
SI	4	1	10	15	0,04 %
SK	3	6	2	11	0,03 %
FI	1	0	1	2	0,01 %
SE	131	121	135	387	1,09 %
Iomlán	11 286	12 184	11 644	35 114	100,00 %

Tábla 2. Ceadúnais Oscailte Shonracha i gcúrsaíocht

Ballstáit	Bliain			2021-2023	Sciar den iomlán in %
	2021	2022	2023		
BE	0	0	0	0	0,00 %
BG	0	0	0	0	0,00 %
CZ	0	0	0	0	0,00 %
DK	0	0	0	0	0,00 %
DE	619	797	882	2 298	65,53 %
EE	0	0	0	0	0,00 %
IE	0	0	0	0	0,00 %
EL	1	2	4	7	0,20 %
ES	0	0	0	0	0,00 %
FR	0	1	1	2	0,06 %
HR	0	0	0	0	0,00 %
IT	0	0	0	0	0,00 %
CY	0	0	0	0	0,00 %
LV	0	0	0	0	0,00 %
LT	0	0	0	0	0,00 %
LU	0	0	0	0	0,00 %
HU	0	0	0	0	0,00 %
MT	0	0	0	0	0,00 %
NL	324	348	461	1 133	32,31 %
AT	15	17	25	57	1,63 %
PL	0	8	2	10	0,29 %
PT	0	0	0	0	0,00 %
RO	0	0	0	0	0,00 %
SI	0	0	0	0	0,00 %
SK	0	0	0	0	0,00 %
FI	0	0	0	0	0,00 %
SE	0	0	0	0	0,00 %
Iomlán	959	1 173	1 375	3 507	100 %

Tábla 3. Ceadúnais Oscailte Ghinearálta i gcúrsaíocht

Ballstáit	Bliain			2021-2023	Sciar den iomlán in %
	2021	2022	2023		
BE	0	0	0	0	0,00 %
BG	0	1	5	6	0,50 %
CZ	0	0	0	0	0,00 %
DK	0	0	0	0	0,00 %
DE	199	189	176	564	46,73 %
EE	0	0	0	0	0,00 %
IE	0	0	0	0	0,00 %
EL	1	2	5	8	0,66 %
ES	149	187	170	506	41,92 %
FR	0	0	0	0	0,00 %
HR	1	2	0	3	0,25 %
IT	0	0	0	0	0,00 %
CY	0	0	0	0	0,00 %
LV	0	0	0	0	0,00 %
LT	0	0	0	0	0,00 %
LU	0	0	0	0	0,00 %
HU	0	4	9	13	1,08 %
MT	0	0	0	0	0,00 %
NL	0	0	0	0	0,00 %
AT	0	0	0	0	0,00 %
PL	6	3	4	13	1,08 %
PT	0	0	0	0	0,00 %
RO	0	0	0	0	0,00 %
SI	16	22	31	69	5,72 %
SK	0	0	0	0	0,00 %
FI	0	0	0	0	0,00 %
SE	9	9	7	25	2,07 %
Iomlán	381	419	407	1207	100,00 %

Tábla 4. Iarratais ar Cheadúnais Chaighdeánacha a diúltaíodh

Ballstáit	Bliain			2021-2023	Sciar den iomlán in %
	2021	2022	2023		
BE	1	2	2	5	0,99 %
BG	0	0	0	0	0,00 %
CZ	0	0	0	0	0,00 %
DK	0	0	0	0	0,00 %
DE	3	1	1	5	0,99 %
EE	0	1	1	2	0,40 %
IE	0	0	0	0	0,00 %
EL	0	0	0	0	0,00 %
ES	136	170	171	477	94,46 %
FR	0	0	0	0	0,00 %
HR	1	1	2	4	0,79 %
IT	0	0	0	0	0,00 %
CY	0	0	0	0	0,00 %
LV	0	0	0	0	0,00 %
LT	0	0	0	0	0,00 %
LU	0	0	0	0	0,00 %
HU	0	4	1	5	0,99 %
MT	1	2	1	4	0,79 %
NL	1	0	1	2	0,40 %
AT	0	0	0	0	0,00 %
PL	0	0	0	0	0,00 %
PT	0	0	0	0	0,00 %
RO	0	0	0	0	0,00 %
SI	0	0	0	0	0,00 %
SK	0	0	0	0	0,00 %
FI	0	1	0	1	0,20 %
SE	0	0	0	0	0,00 %
Iomlán	143	182	180	505	100,00 %

Tábla 5. Cásanna ina raibh sárú/neamhchomhlíontacht

Bliain	Líon iomlán na gcásanna ina raibh sárú
2021	67
2022	96
2023	58
Iomlán	221